C/2025/6343

21.11.2025

Nótaí Míniúcháin a ghabhann le hAinmníocht Chomhcheangailte an Aontais Eorpaigh

(C/2025/6343)

De bhun Airteagal 9(1), pointe (a), de Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle ([1]), leasaítear na Nótaí Míniúcháin a ghabhann le hAinmníocht Chomhcheangailte an Aontais Eorpaigh ([2]) mar a leanas:

*ar leathanach 108, sa Nóta Míniúcháin a ghabhann leis an gceannteideal AC '**2309 Ullmhóidí de chineál a úsáidtear i mbeathú ainmhithe**', cuirtear an téacs seo a leanas in ionad an cheathrú mír agus an chúigiú mír den téacs atá ann cheana:*

'A mhéid a bhaineann le stáirse, glúcós agus maltaideistrin, tá feidhm ag an méid seo a leanas:

— I gcás nach bhfuil sé follasach cé acu atá aon stáirse ann nó nach bhfuil, féadfar modh micreascópach cáilíochtúil nó tástáil dathaithe cháilíochtúil le tuaslagán iaidín a úsáid chun láithreacht an stáirse a fhíorú.

— Chun an cion stáirse, glúcóis agus maltaideistrine a chinneadh, tomhaistear an méid iomlán glúcóis. Sainmhínítear glúcós iomlán mar shuim an ghlúcóis uile i sampla, lena n-áirítear glúcós saor a bhí ann ar dtús agus glúcós a gineadh trí hidrealú einsímeach stáirse nó maltaideistrine sa sampla, arna shloinneadh mar ghlúcós. Déanfar glúcós iomlán a chinneadh trí úsáid a bhaint as leagan modhnaithe den mhodh anailíse einsímeach a shonraítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 121/2008 ón gCoimisiún (IO L 37, 12.2.2008, lch. 3). Is éard atá sa mhodhnú an chéim níocháin le 40 % eatánóil le linn ullmhú sampla a fhágáil ar lár agus gan ach torthaí na Crómatagrafaíochta Leachta Ardfheidhmíochta (CLAF) a ríomh le haghaidh cion glúcóis (% de réir meáchain, féach an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 121/2008 ón gCoimisiún (IO L 37, 12.2.2008, lch. 3, pointe 7.1), arb é atá ann glúcós iomlán mar a shainmhínítear thuas.

Maidir le táirgí ina bhfuil cion iomlán glúcóis is lú ná 0,5 % de réir meáchain, níor cheart a mheas go bhfuil stáirse, glúcós nó maltaideistrin iontu.

— I gcás ina bhfuil an cion iomlán glúcóis níos mó ná 9 % de réir meáchain, nó i gcás inarb eol go bhfuil 10 % nó níos mó ná 10 % stáirse de réir meáchain sa sampla, cinntear an cion stáirse iarbhír trí úsáid a bhaint as an modh polaraiméadrach (ar a dtugtar modh modhnaithe Ewers freisin) a leagtar síos in Iarscríbhinn III, cuid K, a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 152/2009 ón gCoimisiún (IO L 54, 26.2.2009, lch. 1).

I gcás nach bhfuil an modh polaraiméadrach infheidhme, e.g. mar gheall ar láithreacht méideanna móra ábhar amhail iad sin a liostaítear ina dhiaidh seo, an modh anailíseach einsímeach chun cion stáirse a chinneadh, a leagtar síos san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 121/2008 ón gCoimisiún (IO L 37, 12.2.2008, lch. 3), cuirfear an modh sin i bhfeidhm.

Is eol go n-eascraíonn trasnaíocht as na hábhair shonracha seo a leanas agus an modh polaraiméadrach á chur i bhfeidhm:

(a) táirgí biatais (siúcra) amhail laíon biatais (siúcra), molás biatais (siúcra), laíon biatas (siúcra) molásaithe, fíonfhuíoll biatas (siúcra);

(b) laíon citris;

(c) ros lín; asbhrúchán rois lín; rós lin úsctha;

(d) síol ráibe; asbhrúchán síolta ráibe; síol ráibe úsctha; crotail síolta ráibe;

(e) síolta lus na gréine; síolta lus na gréine úsctha; síolta lus na gréine, coirtithe go páirteach, eastósctha;

(f) asbhrúchán copra; copra úsctha;

(g) laíon prátaí;

([1]) Rialachán (CEE) ón gComhairle Uimh. 2658/87 an 23 Iúil 1987 maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim (IO L 256, 7.9.1987, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1987/2658/oj).

([2]) IO C 119, 29.3.2019, lch. 1.

(h) giosta díhiodráitithe;

(i) táirgí lán le hionúilin (mar shampla, sliseanna agus min bliosán gréine);

(j) geirdheascadh;

(k) táirgí pónairí soighe.’